**Cód:** ***QA204***
**Teideal:** ***Polasaí maidir le Sceidealú agus Socrú Amchláir na Bliana Acadúla***
**Dáta:** Dé Céadaoin, 16 Meitheamh 2021
**Faomhadh:** Foireann Bainistíochta na hOllscoile (UMT)/Coiste Seasta na Comhairle Acadúla/An Chomhairle Acadúil

## *1. Achoimre Feidhmiúcháin*

Tá Sceidealú agus Socrú Amchláir na Bliana Acadúla ina chuspóir straitéiseach ag Ollscoil na Gaillimhe le tamall anuas, go háirithe maidir le haistriú ó phróiseas láimhe go réiteach comhroinnte amchláir agus chun spás a chur in áirithe ar fud na hOllscoile. Forbraíodh an polasaí i gcomhthéacs institiúidí inchomparáide chomh maith leis an gcleachtas reatha sna scoileanna agus sna haonaid tacaíochta.

Cuireann sceideal na bliana acadúla na príomhdhátaí do bhliain acadúil Ollscoil na Gaillimhe san áireamh mar shampla seachtainí teagaisc, seachtainí staidéir, dátaí saoire, scrúduithe agus bronnadh. Caithfidh an fhéilire acadúil rialacha na bliana acadúla agus riachtanais atá socraithe a chur san áireamh chomh maith le dátaí móra na bpáirtithe leasmhara, mar shampla spriocdhátaí curaclaim, spriocdhátaí an CAO agus spriocdháta an ÚAO.

Is éard atá i gceist leis an amchlár acadúil ná an próiseas atá ann chun modúil cláir a chur ar amchlár agus an t-ionad ceart a thabhairt dóibh chun an méid spáis atá ar fáil a úsáid ar an mbealach is ciallmhaire a sheachnóidh coimhlintí. Ciallaíonn sé seo gníomhaíochtaí acadúla éagsúla, uaireanta teagaisc, ceardlanna, obair shaotharlainne, ranganna teagaisc agus gach riachtanas eile cláir a leagan amach san am agus san áit is fearr a oireann dóibh. Tarlaíonn trasnaíl scaití idir an lucht acadúil, an mac léinn agus an t-ionad.

Is éard atá i gceist le riaradh spáis ná gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama agus gach cruinniú agus imeacht eile, inmheánach agus seachtrach araon, a chur ar amchlár na hOllscoile. Chuige sin:

- Is ionann spás agus gach ionad is féidir a chur in áirithe amhail hallaí léachta, seomraí ranga, seomraí cruinnithe, ríomhlanna, saotharlanna fochéime, seomraí staidéir, ionaid imeachtaí, forhallaí, etc.
- Is ionann gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama agus léachtaí, ranganna teagaisc, seisiúin saotharlainne, ceardlanna, seimineáir agus imeachtaí, ach níl siad teoranta dóibh sin.

Leagann Polasaí maidir le Sceidealú agus Socrú Amchláir na Bliana Acadúla amach polasaí, prionsabail oibriúcháin, róil agus freagrachtaí Ollscoil na Gaillimhe maidir leo seo a leanas:

- Sceideal a chur le chéile don bhliain acadúil in Ollscoil na Gaillimhe.
- Pleanáil amchláir, táirgeadh, cothabháil agus athruithe don churaclam faofa ar an mBainisteoir Curaclaim.
- Spás a chur in áirithe do ghníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama.
- Spás a chur in áirithe do ghníomhaíochtaí neamhtheagaisc agus foghlama.

Tugtar léargas freisin ar an gcaoi le coimhlintí a sheachaint sa pholasaí seo.

## *2. Cuspóir*

Is réiteach é an polasaí seo ar sceidealú agus socrú amchláir na bliana acadúla go huathoibríoch chun cuspóirí fadtéarmacha a bhaint amach mar shampla:

- Cur le heispéireas teagaisc agus foghlama ar ardchaighdeán do mhic léinn agus don fhoireann araon.
- Sceideal na bliana acadúla agus amchláir atá dírithe ar an mac léinn agus ar an saol acadúil.
- Amchláir aonair a mbeidh rochtain ag gach mac léinn agus ag an bhfoireann acadúil orthu.
- Tacaíocht agus feabhas ar an bpróiseas pleanála curaclaim.
- Tacaíocht don pholasaí bainistíochta spáis agus éifeachtúlachtaí níos fearr maidir le riaradh spáis.
- An leas is fearr a bhaint as spás agus acmhainní na hOllscoile.
- An t-ualach riaracháin ar an bhfoireann acadúil agus tacaíochta a laghdú le linn a bheith ag socrú amchláir.
- Sraith caighdeán oibríochta a sholáthar a chiallaíonn éifeachtacht níos fearr sa sceidealú agus socrú amchláir na bliana acadúla.
- Caighdeáin a leagan síos a thacaíonn le cinntí atá bunaithe ar fhianaise agus ar shonraí chun fadhbanna a réiteach.
- Na bunsraitheanna riachtanacha a chruthú do shármhaitheas seirbhíse i sceidealú agus socrú amchláir na bliana acadúla, go mór mór oiliúint don fhoireann a bhíonn i mbun na n-amchlár, uirlisí, caighdeáin agus socruithe tacaíochta.
- Trédhearcacht, solúbthacht, torthaí intomhaiste, tosaíocht fianaise-bhunaithe agus feabhas leanúnach a chur chun cinn sa sceideal, socrú amchláir agus spás a chur in áirithe go léir sa bhliain acadúil.

I measc na bpríomhathruithe ar an gcleachtas reatha in Ollscoil na Gaillimhe tá siad seo a leanas:

- Úsáid a bhaint as comhréiteach sceidealaithe agus socrú amchláir don bhliain acadúil.
- Struchtúr bainistíochta maidir le spás a chur in áirithe agus socrú amchláir.
- Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama go léir, lena n-áirítear iad siúd atá leagtha amach i spás atá bainistithe ag an gColáiste / Scoil / Institiúid Taighde / Disciplín, a chur san áireamh sa socrú amchláir.
- Gach spás is féidir a chur in áirithe a chur ar fáil in aon áit amháin chun spás a chur in áirithe ar an gcampas.
- Córas amháin a úsáid chun spás a chur in áirithe do gach gníomhaíocht, idir ghníomhaíochtaí a tharlaíonn go minic agus ghníomhaíochtaí nach dtarlaíonn ach anois is arís.
- Bíonn dréacht-amchlár ar fáil sa dara seimeastar den bhliain acadúil roimhe sin ar a bhfuil na gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama, lena n-áirítear iad siúd a mhúintear i spás atá bainistithe ag an gColáiste / Scoil / Institiúid Taighde / Disciplín.
- Beidh an t-amchlár deiridh ar fáil ag an gclárúchán chun coimhlintí a sheachaint bunaithe ar na huimhreacha a bhfuiltear ag súil leo. Chun tacú leis an gcleachtas is fearr, beidh amchlár na scrúduithe ar fáil ag an gclárúchán freisin.
- Beidh eolas faoin amchlár agus spásanna le feiceáil ag gach comhalta foirne ar champais Ollscoil na Gaillimhe.

- Réamheolas ar an bpróiseas réitigh do choimhlintí maidir le spás a chur in áirithe.
- Réamheolas ar an bpróiseas réitigh do choimhlintí amchláir.
- Ciallóidh sé seo go mbeifear in ann srianta a cheadú ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim.
- Léargas foirmiúil ar an ngnáthsheachtain teagaisc fochéime lánaimseartha don fhoireann agus do mhic léinn.

## *3. Prionsabail an Pholasaí*

3.1 Tá 52 seachtain i mbliain na hOllscoile agus ní bhíonn sí dúnta riamh ach le linn na Nollag, athraíonn na dátaí dúnta seo de réir na bliana féilire.

D'fhéadfadh go mbeadh an Ollscoil dúnta gan choinne, mar shampla mar gheall ar rabhadh aimsire deirge nó éigeandáil náisiúnta nuair a dhúnann an rialtas gach scoil agus coláiste go foirmiúil agus/nó go ndéantar moltaí maidir le gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama.

3.2 Dhá sheimeastar in aghaidh an téarma atá sa bhliain acadúil iomlán fochéime lánaimseartha agus is éard atá i ngach seimeastar ná:

- 12 sheachtain teagaisc
- Seachtain amháin do thurais allamuigh (Seimeastar 2), i gcás roinnt clár · Seachtain amháin staidéir
- 2/3 seachtaine scrúduithe (Seimeastar 1: 10 lá / Seimeastar 2: 14 lá)
- Coicís athscrúduithe an Fhómhair (9 lá ag tús mhí Lúnasa)

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil roinnt eisceachtaí ann agus go bhféadfadh an téarma athrú ag brath ar an gclár atá i gceist.
Féadfaidh Ollscoil na Gaillimhe am téarma a athrú freisin de réir threoirlínte an rialtais, más gá.

3.3 Go traidisiúnta is de réir seachtaine seachas dáta a shocraítear dátaí tosaithe na dtéarmaí:

- Tosaíonn an chéad Seimeastar le Seachtain Eolais don chéad bhliain an chéad seachtain de Mheán Fómhair
- Tosaíonn an chéad Seimeastar do gach mac léinn eile de ghnáth ar an dara Luan i mí Mheán Fómhair
- Tosaíonn an dara Seimeastar de ghnáth do gach mac léinn ar an dara Luan i mí Eanáir

Arís, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhféadfadh roinnt eisceachtaí a bheith i gceist.

3.4 Cuirfear gach gníomhaíocht teagaisc agus foghlama ar an amchlár sa chóras amchláir agus áirithinte spáis.

3.5 Déanfar gach spás, lena n-áirítear áirithintí seachtracha, a phróiseáil trí úsáid a bhaint as an gcóras amchláir agus áirithinte spáis.

3.6 Déanfar spás atá bainistithe ag Coláiste, Scoil, Institiúid Taighde nó Disciplín a chur in áirithe freisin ag baint úsáid as an gcóras amchláir agus áirithinte spáis. Eiseofar iarratais ar an spás seo a chur in áirithe go díreach chuig an gComhordaitheoir Amchláir, nó chuig an ainmní, san aonad acadúil.

3.7 Tabharfar míniú nuair a chuirtear spás in áirithe ar an úsáid (lena n-áirítear cúiseanna le

riachtanais seomra ar leith) don taifead agus don tuairisciú.

3.8 Ba cheart go bhfeilfeadh an spás don líon daoine atá sa ghrúpa a mhéid is féidir. Ní féidir níos mó a bheith sa ghrúpa ná an líon a thógann an spás. Tá an fhoireann acadúil agus an fhoireann teagaisc freagrach as a chinntiú nach sáraítear an teorainn daoine sa seomra.

3.9 Maidir le spáis a chur in áirithe, tabharfar tús áite do ghníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama thar ghníomhaíochtaí neamhtheagaisc. Tá roinnt eisceachtaí sa riail seo: mar shampla imeachtaí curtha in áirithe roimh ré ar nós scrúduithe, ócáidí bronnta agus laethanta oscailte institiúide.

3.10 Is é gnáthsheachtain teagaisc na fochéime lánaimseartha ná Luan go hAoine ó 09.00 go dtí 18.00. D'fhéadfadh gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama a bheith ar siúl lasmuigh den amchlár seo freisin, mar shampla teagasc iarchéime, CALPD, an tAcadamh, teagasc páirtaimseartha agus roinnt teagaisc fochéime

3.11 San amchlár, is ionann an mhaidin agus aon am roimh 13.00, is ionann an tráthnóna agus am ar bith idir 13.00 agus 18.00, agus is ionann an oíche agus am ar bith tar éis 18.00

3.12 Cuirtear gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama in áirithe i mbloic uair an chloig nó ina n-iolraí uair an chloig. Ba chóir go dtosódh na gníomhaíochtaí ar an uair agus go gcríochnódh siad deich nóiméad ar a laghad roimh an am críochnaithe ar an amchlár chun go bhféadfar athrú a dhéanamh.

3.13 Déanfar ábhar agus leagan amach na modúl agus na gclár a shainiú agus an curaclam á dhearadh agus beidh gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama san áireamh ann mar a leanas:

- Líon na n-uaireanta teagmhála teagaisc agus foghlama in aghaidh na seachtaine.
- Leagan amach agus líon uaireanta teagmhála teagaisc agus foghlama.
- Riachtanais spás agus acmhainní a theastaíonn do ghníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama.

3.14 Sa chás nach bhfuil gá le gníomhaíocht ar an amchlár nó le spás a thuilleadh, ba chóir é a chur ar ceal a luaithe is féidir. Ba cheart gníomhaíocht ar an amchlár a chur ar ceal go díreach leis na Comhordaitheoirí Amchláir, nó leis an ainmní agus ba chóir spáis a chuirtear in áirithe d'imeachtaí aonuaire a chur ar ceal go díreach leis na Comhordaitheoirí Áirithintí Seomra i bhFoirgnimh agus Eastát.

3.15 Is tosaíocht í an rochtain uilíoch don fhoireann agus do mhic léinn ar ghníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama agus cuirfear ar fáil í de réir Pholasaí agus Plean Gníomhaíochta don Dearadh Uilíoch agus Inrochtaineacht.

3.16 Déanfaidh Ollscoil na Gaillimhe, de réir QA152, Polasaí Comhionannais na hOllscoile, gach iarracht freastal ar chomhaltaí foirne agus ar mhic léinn a bhfuil aon riachtanais ar leith acu.

3.17 Déanfaidh Ollscoil na Gaillimhe, de réir pholasaithe acmhainní daonna, gach iarracht tacú

le hiarratais na foirne, mar shampla maidir le scéimeanna saoire.

3.18 Cuirfear forálacha an Pholasaí maidir le Sceidealú agus Socrú Amchláir na Bliana Acadúla i bhfeidhm go leanúnach agus go cothrom ar fud na hOllscoile.

3.19 Tuigtear go mbíonn an-éileamh ar spás laistigh den Ollscoil, dá bhrí sin, tá gá le leibhéal áirithe comhoibrithe agus tuisceana ó na páirtithe leasmhara go léir.

## *4. Róil agus Freagrachtaí*

4.1 Is iad an Rúnaí Gnóthaí Rialachais agus Acadúla agus Stiúrthóir na Clárlainne na príomhbhainisteoirí sinsearacha san Ollscoil atá freagrach as sceideal na bliana acadúla in Ollscoil na Gaillimhe. Oibríonn siad freisin le príomhghrúpaí leasa chun faomhadh cuí sceidealaithe na bliana acadúla a fháil ón gComhairle Acadúil.

Tá foireann na Clárlainne faoi threoir Stiúrthóir na Clárlainne freagrach as tacú le gníomhaíochtaí a bhaineann le sceideal na bliana acadúla lena n-áirítear:

- Feidhmiú sceideal na bliana acadúla a bhainistiú.
- Treoir maidir le sceideal na bliana acadúla a roinnt ar Choláistí, Scoileanna, Institiúidí Taighde agus Disciplíní.
- Leaganacha deiridh de sceideal na bliana acadúla (féilire) a fhoilsiú.
- Tacú le pleanáil sholúbtha ar an mbliain acadúil agus le pleanáil amchláir bunaithe ar an gcuraclam.
- Gníomhaíochtaí feabhsúcháin leanúnacha a thionscain agus páirt a ghlacadh iontu maidir le sceidealú na bliana acadúla agus bainistíocht amchláir.
- Tacú le heolas modúil agus bainistíocht curaclaim a chomhtháthú le socrú amchláir ionas go mbeidh sonraí cruinne ar fáil do Chomhordaitheoirí Amchláir bunaithe ar churaclam ceadaithe ag an gColáiste / Scoil ar Bhainisteoir Curaclaim.

4.2 Is iad na Comhordaitheoirí Amchláir sna Coláistí / Scoileanna / Institiúidí Taighde / Disciplíní na príomhtheagmhálaithe do shocrú amchláir atá freagrach as déileáil le comhghleacaithe ainmnithe chun gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama a sceidealú, seomraí bainistithe go lárnach a chur in áirithe, riachtanais amchláir a chur chun cinn agus coimhlintí amchláir a réiteach.

Beidh Comhordaitheoir Amchláir ainmnithe ag gach Coláiste / Scoil / Institiúid Taighde / Disciplín ar a mbeidh na freagrachtaí seo a leanas:

- Comhordú a dhéanamh ar dhearadh agus ar tháirgeadh amchláir do na cláir fochéime agus iarchéime laistigh den Choláiste / Scoil / Institiúid Taighde / Disciplín.
- A chinntiú go ndéantar faisnéis cláir a bhailiú, a thiomsú agus a thaifead in am, lena n-áirítear, mar shampla, sonraí ranga, riachtanais spáis, líon na mac léinn in aghaidh an mhodúil agus aon srianta ar am na léachtóirí.
- Oibriú le comhghleacaithe acadúla chun gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama a sceidealú.
- A chinntiú go mbeidh mic léinn curtha sna gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama cuí gan aon choimhlintí.
- Tascanna amchláir a dhéanamh de réir na spriocdhátaí sonraithe.
- Aon nuashonruithe riachtanacha a chur le sonraí an amchláir, agus cinntiú go gcuirtear

athruithe in iúl don fhoireann agus do na mic léinn ábhartha go léir.

- Aon athruithe riachtanacha ar an amchlár lena n-áirítear aon chealú a dhéanfaí ar spás a chur in iúl don Aonad Amchláir / Saineolaithe ar Amchlárú nó d'Fhoirgnimh agus Eastáit.
- Aon rud breise a chuirtear leis, a bhaintear nó a athraítear i spás, a bhainistítear go háitiúil a chur in iúl.
- A chinntiú go ndéantar spás laistigh den Choláiste / Scoil / Institiúid Taighde / Disciplín a chur ar an taifead go cruinn sa chóras roinnte amchláir agus áirithinte spáis.
- Iarratais ar spás a chur in áirithe a thógáil do spás a bhainistítear go háitiúil.

4.3 Coinníonn an fhoireann riaracháin súil ar ghníomhaíochtaí amchláir sa Choláiste / Scoil. Áirítear ar a gcuid freagrachtaí:

- A chinntiú go gcríochnóidh Comhordaitheoirí Amchláir na Scoile/an Choláiste agus an fhoireann tacaíochta na tascanna go léir a bhaineann leis an amchlár faoi na spriocdhátaí sonraithe

4.4 Bíonn an Fhoireann Acadúil agus an Fhoireann Teagaisc ar fáil le teagasc am ar bith le linn a laethanta teagaisc ar conradh ach amháin nuair a shriantar iad trí chomhaontú aonair le Cinn Scoile agus de réir threoirlínte Acmhainní Daonna Ollscoil na Gaillimhe

Tacóidh cur i bhfeidhm an amchláir le feidhmiú chun go mbeidh an fhoireann sna grúpaí sonraithe in ann amanna saor ó theagasc a roinnt, nuair a bheidh sé ceadaithe agus aontaithe.

Áirítear ar fhreagrachtaí na foirne acadúla agus teagaisc:

- A bhfreagrachtaí amchláir fhoilsithe a chomhlíonadh.
- Sonraí curaclaim iomlána agus cruinne a thabhairt in am don Bhainisteoir Curaclaim chun amchlár acadúil a chruthú agus a athbhreithniú.
- Oibriú lena gComhordaitheoir Amchláir ainmnithe chun tacú le gníomhaíochtaí bailithe agus seiceála sonraí.
- Aon chealú nó seisiúin teagaisc bhreise a chur in iúl don Chomhordaitheoir Amchláir, chomh luath agus a thagann siad chun cinn, chun nuashonruithe agus cumarsáid chuí ar an amchlár a éascú.
- Labhairt leis an Déan/leis an gCeann Scoile maidir le haon riachtanais nó breithnithe Acmhainní Daonna. Cuirfear iarratais den sórt sin isteach in am chun pleanáil agus leasuithe cuí ar an amchlár a dhéanamh, nuair is gá.
- Aon fhadhb leis an amchlár nó leis an spás teagaisc agus foghlama a úsáideann siad a chur in iúl.
- Scaoileadh le haon ghníomhaíocht ar an amchlár nó aon spás nach bhfuil ag teastáil a thuilleadh.

4.5 Tugann Cinn Scoile ceannaireacht acadúil maidir le, mar shampla, pleanáil straitéiseach agus oibriúcháin, pleanáil acmhainní agus cur i bhfeidhm polasaí sa Scoil. Tá an Ceann Scoile freisin, tar éis dó/di dul i gcomhairle leis na Cinn Disciplín, de réir mar is cuí, agus le Foirgnimh & Eastáit, freagrach as úsáid spáis agus saoráidí laistigh den Scoil.

I measc na bhfreagrachtaí maidir le socrú amchláir:

- An tábhacht a bhaineann le bheith ag obair go maith ar fhoireann chun an t-amchlár is fearr d'eispéireas foghlama na mac léinn a chur ar fáil.
- An fhoireann acadúil agus teagaisc a mheaitseáil leis na gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama agus aon ghníomhaíochtaí eile, de réir mar is gá.
- Cabhrú le réiteach a fháil ar choimhlintí san amchlár a théann i bhfeidhm ar an gColáiste / Scoil / Institiúid Taighde / Disciplín.
- A chinntiú go ndéantar gach tacaíocht a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ón bhfoireann agus ó na mic léinn a mheas agus a chur i bhfeidhm, nuair is cuí nó nuair is féidir.
- Tá cúrsaí foirne roinnte i 3 chatagóir: i) socruithe solúbtha oibre, ii) socruithe leighis, agus iii) srianta teagaisc. Déanfar socruithe a athbhreithniú agus a fhaomhadh go bliantúil agus ba cheart tacú leo, nuair is féidir.
- Ba cheart idirbheartaíocht a dhéanamh agus aontú ar aon teorainneacha a bheadh ar fhoireann teagaisc a bheith ar fáil.

4.6 Áirítear ar fhreagrachtaí na mac léinn maidir le hamchlár:

- Páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí teagaisc, foghlama agus measúnaithe mar atá leagtha amach ina gclár acadúil.
- Sonraí a chur ar fáil faoi aon riachtanais bhreise, mar shampla inrochtaineacht, a luaithe is féidir don tSeirbhís Tacaíochta Míchumais.
- Roghanna modúl a chlárú ar an gcaoi a dúradh agus faoin spriocdháta.
- Breathnú ar an amchlár foilsithe chomh luath agus is féidir agus a rá leis na comhordaitheoirí modúl má tá aon choimhlintí, chun clárúcháin modúl a athbhreithniú agus chun roghanna eile a roghnú, de réir mar is cuí.
- Amchlár agus ríomhphost a sheiceáil ar fhaitíos go mbeadh aon leasuithe nó fógraí.

4.7 Tá Comhordaitheoirí Áirithinte Seomra Aonad na bhFoirgneamh agus na nEastát freagrach faoi láthair as na spásana lárnacha ar fad in Ollscoil na Gaillimhe a bhainistiú. Áirítear ar fhreagrachtaí na gComhordaitheoirí:

- Tacú le húsáid chothrom agus éifeachtach na spásanna ar fad is féidir a chur in áirithe go lárnach ar an gcampas
- Súil a choinneáil ar áirithintí na spásanna lárnacha ar fad ar an gcampas ó na páirtithe leasmhara go léir
- Páirtithe leasmhara a chur ar an eolas agus comhairle a thabhairt dóibh maidir le coimhlintí nó athruithe ar áirithintí spáis.
- Sonraí spáis atá cruinn agus cothrom le dáta a choinneáil agus tacú le pleanáil cásanna spáis, le pleanáil uimhreacha mac léinn agus, dá réir sin, le forbairt spáis amach anseo.
- Léarscáil an champais a choinneáil cothrom le dáta chun bealaí a aimsiú.
- Tuairisciú ar spás Ollscoil na Gaillimhe ar mhaithe le straitéis agus le cinnteoireacht.

4.8 An tAonad Amchláir / Saineolas ar Amchlárú

Cuirfear dóthain acmhainní ar fáil don socrú amchláir a bheidh ag tuairisciú do TBC.

Áirítear ar a gcuid freagrachtaí:

- Bainistiú a dhéanamh ar amchlár teagaisc agus foghlama a chur ar fáil, ag cur sceideal na bliana acadúla agus dátaí eile na bpríomhpháirtithe leasmhara san áireamh bunaithe ar churaclam ceadaithe ar an mBainisteoir Curaclaim.
- Tacaíocht a thabhairt do Choláistí / Scoileanna / Institiúidí Taighde / Disciplíní i

bhfeidhmiú an chórais amchláir agus áirithinte spáis.

- Línte ama d’amchláir a chur le chéile a fhoilsiú agus dóthain fógra a thabhairt do Choláistí / Scoileanna / Institiúidí Taighde / Disciplíní chun a gcion a dhéanamh.
- Treoir shoiléir a sholáthar, trí Chomhordaitheoirí Amchláir, maidir le bailiú sonraí agus seiceáil a theastaíonn ag príomhphointí le linn amchláir a bheith á gcur le chéile.
- Cumarsáid a dhéanamh leis na Comhordaitheoirí Amchláir agus comhaltaí foirne ábhartha eile, ag cinntiú go mbeidh rochtain ar an gcóras amchláir, le go n-éireoidh le forbairt amchláir.
- Oibriú le Comhordaitheoirí Amchláir agus le comhaltaí foirne eile chun fadhbanna a réiteach, agus an t-amchlár á shocrú, chomh maith le leasuithe a dhéanamh dóibh siúd a bhfuil riachtanais bhreise acu.
- Amchlár solúbtha a chinntiú trí phleanáil amchláir atá bunaithe ar an gcuraclam.
- Dul chun cinn agus fadhbanna ábhartha a thuairisciú don Chlárlann, do na Déin Feidhmiúcháin, do Chinn Scoile nó d'Oifigigh Riaracháin, de réir mar is cuí.
- Éifeachtacht an Pholasaí maidir le Sceidealú agus Socrú Amchláir na Bliana Acadúla a thuairisciú do gach páirtí leasmhar agus a chur i bhfeidhm.
- Plé le Réitigh agus Seirbhísí Faisnéise (ISS) maidir le haon chothabháil agus uasghrádú bogearraí a theastaíonn.
- Oibriú le Foirgnimh agus Eastáit agus leis an Ionad Sárchaighdeáin Foghlama agus Teagaisc (CELT) lena chinntiú go bhfuil an t-eolas spáis ar fad cruinn agus cothrom le dáta lena n-áirítear mar shampla spás a bheith ar fáil agus áiseanna atá sa spás.

4.9 Cuireann an tIonad Sárchaighdeáin Foghlama agus Teagaisc timpeallacht thacúil chruthaitheach ar fáil chun cur leis an eispéireas teagaisc agus foghlama in Ollscoil na Gaillimhe. Áirítear ar a gcuid freagrachtaí:

- Ceannas a ghlacadh ar pholasaithe agus ar thionscnaimh teagaisc agus foghlama.
- Eolas agus comhairle a chur ar fáil maidir le teicneolaíochtaí teagaisc agus foghlama in Ollscoil na Gaillimhe.
- Tacaíocht a thabhairt do réimse teicneolaíochtaí foghlama, agus do roinnt sainráiseanna i gcomhar le Réitigh agus Seirbhísí Faisnéise, agus aonaid acadúla agus aonaid tacaíochta eile.
- Córais chlosamhairc (AV) agus seomraí ranga a sholáthar agus tacú leo in ionaid teagaisc lárnacha (i.e. Ní in ionaid speisialta, ná in ionaid scoile/coláiste/bainistithe go háitiúil).
- Tacú le dearadh agus suiteáil áiseanna agus teicneolaíochtaí nua closamhairc
- Súil a choinneáil ar na háiseanna closamhairc atá faoina gcúram agus clár a choinneáil den tseirbhís atá déanta agus le déanamh ar an trealamh.
- Aghaidh a thabhairt ar lochtanna closamhairc sna hionaid seo agus iad a leigheas nó trealamh eile a chur ar fáil, nuair is féidir.
- Imscrúdú agus úsáid leanúnach, nuair is féidir, ar theicneolaíochtaí nua teagaisc chun a chinntiú go bhfanann Ollscoil na Gaillimhe cothrom le dáta maidir le forbairtí ardoideachais comhaimseartha.

4.10 Cuireann Réitigh agus Seirbhísí Faisnéise réimse cuimsitheach seirbhísí IT ar fáil do mhic léinn agus do chomhaltaí foirne Ollscoil na Gaillimhe. Seo a leanas cuid de na freagrachtai maidir le socrú amchláir agus spásanna:

- Tacaíocht theicniúil a sholáthar don chóras amchláir agus áirithinte spáis, lena n-áirítear tacaíocht d'uasghrádú bogearraí.
- Cuidiú leis an aistriú bliantúil a dhéantar ar shonraí amchláir.
- Áiseanna oiriúnacha rochtana ginearálta ríomhaireachta, amhail seomraí ríomhaireachta, a chur ar fáil i spás ar an gclár ama lárnach mar aon le bonneagar líonra tacaíochta a sholáthar.
- Tacú leis an mbonneagar líonra do gach spás teagaisc agus foghlama lena n-áirítear rochtain ghinearálta agus aon spás atá á bhainistiú ag Coláiste / Scoil / Institiúid Taighde / Disciplín.
- Cuidiú leis na páirtithe leasmhara ar fad ó thaobh dearadh agus suiteáil áiseanna ríomhaireachta.
- Súil a choinneáil ar na háiseanna ríomhaireachta rochtana ginearálta chomh maith le huasghrádú bogearraí agus clár a choinneáil den tseirbhís atá déanta agus le déanamh ar an trealamh.
- Tacú le huasghrádú bogearraí agus ríomhairí nua a bhainistiú in áiseanna bainistithe an Choláiste / na Scoile / na hInstitiúide Taighde / an Disciplín. Déantar costas na n-uasghráduithe seo a bhainistiú trí bhuiséad an Choláiste / na Scoile / na hInstitiúide Taighde / an Disciplín.
- Aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna le bogearraí agus crua-earraí sna háiseanna ríomhaireachta.

4.11 Bainistíonn an tAonad Foirgnimh agus Eastáit an spás fisiciúil ar an gcampas le freagrachtaí éagsúla spáis ó thaobh gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama lena n-áirítear:

- Leagan amach agus uasteorainn spáis ar an gcampas a chinneadh, i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha.
- Uimhreacha seomraí agus/nó ainmneacha a chur ar spásanna nua nó athchóirithe.
- Comharthaíocht spáis a sholáthar.
- Slándáil agus rochtain ar gach spás ar an gcampas a bhainistiú.
- Glanadh spáis, téamh, soilsiú agus aeráil a bhainistiú.
- Bainistiú a dhéanamh ar athchóiriú spásúil timthriallach i gcomhairle leis na príomhpháirtithe leasmhara go léir.
- Aon lochtanna a thuairiscítear sa spás a chur ina cheart.
- Comhairle a chur ar na páirtithe leasmhara go léir in am is i dtráth faoi aon fhadhb a bhaineann le spás a bheith ar fáil ar nós cothabháil nó athchóiriú pleanáilte.
- A chinntiú go gcomhlíonann saoráidí spáis an reachtaíocht ábhartha.
- Eolas a bhailiú, a thomhas agus a thuairisciú maidir le húsáid spáis agus moltaí a dhéanamh ar úsáid spáis níos éifeachtaí

## *5. Spás a chur in áirithe*

5.1 Déantar spás Ollscoil na Gaillimhe a bhainistiú mar atá sonraithe i QA162 an Polasaí maidir le Bainistíocht Spáis. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara ón bpolasaí seo gur "leis an Ollscoil an spás go léir agus go roinntear é de réir an riachtanas is géire atá ann. Tá freagracht agus údarás bainistíochta chun spás a roinnt tugtha don Stiúrthóir Acmhainní Fisiciúla agus dá (h)ainmnithe".

5.2 Déanfar gach spás is féidir a chur in áirithe a chur ar an amchlár agus a phróiseáil laistigh

den chóras amchláir agus áirithinte spáis trí:

| Iarratas ar Spás | Spás a chur in áirithe |
|---|---|
| Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama ar | Comhordaitheoir Amchláir |
| Spás atá bainistithe go háitiúil | Comhordaitheoir Amchláir |
| Imeachtaí aonuaire | Foirgnimh agus Eastáit |
| Spás taobh amuigh e.g. Taobh amuigh den | Foirgnimh agus Eastáit |
| Páirceanna agus áiseanna spóirt | Foirgnimh agus Eastáit |
| Bialanna | Seirbhísí Tráchtála |
| Séipéal an Choláiste | Seirbhísí Séiplíneachta |

5.3 Beidh rochtain inléite amháin ag gach úsáideoir ar an gcóras ar sceidil na spásanna atá curtha in áirithe.

5.4 Beidh tús áite i spás speisialta ag gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama a éilíonn trealamh nó saoráidí speisialta, mar shampla saotharlanna, saotharlanna scileanna, trealamh IT, ceardlanna, etc.

5.5 Nuair a bheidh Sceideal agus Amchlár na Bliana Acadúla críochnaithe, féadfar spás le cois ar an spás a bhainistítear go háitiúil a chur ar fáil le cur in áirithe tríd an gComhordaitheoir Amchláir nó ainmní ábhartha. Is faoi rogha an Choláiste / na Scoile / na hInstitiúide Taighde / an Disciplín an spás seo a scaoileadh uathu.

5.6 Réiteach Coimhlinte ó thaobh Spáis de

Réitítear aon choimhlint ó thaobh spás a bheith ar fáil le cur in áirithe ar an amchlár, ar an gcéad dul síos, ag an leibhéal áitiúil is oiriúnaí (Disciplín / Institiúid Taighde / Scoil / Coláiste). Déantar coimhlintí do-réitithe a ardú leis an Aonad Amchláir / Saineolas ar Amchlárú le breithniú agus le réiteach idir na páirtithe go léir. I ndeireadh na dála, murar féidir an choimhlint spáis don chlár ama a réiteach, déantar an choimhlint a chur ar aghaidh chuig TBC le cinneadh.

Déantar coimhlintí spáis a chuirtear in áirithe le Foirgnimh agus Eastáit a bhainistiú ar leibhéal áitiúil idir na haonaid a iarrann an t-ionad. Feidhmeoidh Foirgnimh agus Eastáit mar idirghabhálaí ag tabhairt comhairle maidir le roghanna eile d'aonaid a bhfuil suim acu sa spás dá n-imeacht. I ndeireadh na dála, ní mór an réiteach a aontú idir na haonaid.

Nuair is cuí, cuirfear tosaíocht de réir thoradh na coimhlinte leis an bpolasaí seo lena chinntiú go bhfuil treoir shoiléir ann maidir le réiteach coimhlintí agus polasaí na hOllscoile.

5.7 Déanfar spás atá curtha in áirithe agus nach bhfuil ag teastáil a thuilleadh do ghníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama a chur ar ceal a luaithe is féidir le Comhordaitheoirí Amchláir, nó lena n-ainmní. Ba cheart spásanna a bhíonn curtha in áirithe/ le haghaidh imeachtaí aonuaire a chur ar ceal go díreach le Comhordaitheoirí Áirithintí Seomra Aonad na bhFoirgneamh agus na nEastát.

## 6. Pleanáil don Sceidealú agus Socrú Amchláir na Bliana Acadúla

6.1 Timthriall Pleanála don Sceidealú agus Amchlár na Bliana Acadúla
Leagann an timthriall pleanála béim ar an tábhacht a bhaineann le gníomhaíochtaí pleanála chun an leas is fearr a bhaint as ár bpróisis agus ár gcórais amchláir.

| Mí | Gníomhaíocht |
|---|---|
| Samhain | • Tugtar amchlár an chláir reatha, agus na seomraí, ar aghaidh ar mhaithe le pleanáil don chéad bhliain acadúil eile. |
| Samhain – Feabhra | • Déanann scoileanna leasuithe nuair a thugtar an t-amchlár ar aghaidh.<br>• Cuireann Comhordaitheoirí Amchláir na Scoile dréacht-amchlár le chéile de ghníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama, lena n-áirítear riachtanais na seomraí. |
| Márta / Aibreán | • Cuirtear iarratais ar sheomra a bhainistítear go lárnach faoi bhráid Chomhordaitheoirí Áirithintí Seomra Aonad na bhFoirgneamh agus na nEastát / Aonad Amchláir / Saineolaithe ar Amchlárú.<br>• Cuirtear isteach iarratais ar sheomraí ó Choláistí / Scoileanna / Institiúidí Taighde / Disciplíní eile maidir le spás teagaisc agus foghlama a bheith ar fáil |
| Meitheamh | • Foilsítear an t-amchlár roinnte bunaithe ar líon measta na mac léinn agus an spás gaolmhar atá tugtha dóibh.<br>• Tá an dréacht-amchlár ar fáil d'iarratasóirí agus do mhic léinn atá ag teacht isteach. |
| Meitheamh – Lúnasa | • Déantar aon athruithe riachtanacha ar spásanna a chuirtear in áirithe agus ar roinnt na foirne a fhiosrú agus a chur i bhfeidhm. |
| Iúil / Lúnasa | • Tá rogha modúl na chéad bhliana ar fáil do chláir a thosaíonn roimh phríomhiontráil mhí Mheán Fómhair, agus do Chlárú Iarchéime.<br>• Déantar aon athruithe riachtanacha ar áirithintí spáis agus ar roinnt na foirne a fhiosrú agus a chur i bhfeidhm. |
| 1 Meán Fómhair ar Aghaidh | • Roghnaítear formhór na modúl fochéime agus iarchéime le linn sheachtain 1.<br>• Déantar aon athruithe riachtanacha ar áirithintí spáis agus ar roinnt na foirne a fhiosrú agus a chur i bhfeidhm.<br>• Déantar monatóireacht ar athruithe ar mhéid an ranga nó ar mhodúil ar ceal chun go gcuirfear spás ar fáil, mura dteastaíonn sé.<br>• Tá spás d'aon úsáid eile ar fáil lena chur in áirithe go ginearálta. |

6.2 Amchlár na Scrúduithe a Phleanáil
Tá sraith príomhphrionsabal ag an Ollscoil maidir le forbairt Amchláir Scrúduithe, lena n-áirítear:

a) Cuirfear na scrúduithe ar siúl idir 09.30 agus 18.30 Luan go hAoine. Is féidir roinnt scrúduithe a reáchtáil ar an Satharn freisin.

b) Mairfidh na scrúduithe 2 uair an chloig agus beidh siad ar siúl:

- 09:30 go 11:30
- 13.00 go 15.00
- 16:30

Ní mór do Choiste na Rialachán Acadúil eisceachtaí ar an riail dhá uair an chloig a mholadh agus ní mór don Choiste Seasta Acadúil iad a cheadú.

c) Cuirfear ualach oibre na mac léinn san áireamh in amchláir na scrúduithe.

d) Má bhíonn dhá scrúdú ag mac léinn ar an lá céanna ní bheidh siad ar siúl díreach i ndiaidh a chéile chun sos a thabhairt don mhac léinn idir na scrúduithe.

e) Déanfar freastal ar mhic léinn a dteastaíonn socruithe malartacha scrúduithe uathu de réir pholasaithe agus nósanna imeachta na hOllscoile.

6.3 Agus an spás atá ar fáil agus an t-eolas is deireanaí curtha san áireamh, féachann Ollscoil na Gaillimhe leis an amchlár is fearr a oireann a chruthú agus roinnt critéar á gcur san áireamh, lena n-áirítear:

- Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama atá le déanamh agus na hionaid is oiriúnaí a bheith ar fáil.
- Cuir ar chumas na mac léinn riachtanais an chláir a chomhlíonadh leis an tsolúbthacht is fearr sna roghanna.
- Freagrachtaí na foirne a scaipeadh go cuí chun sármhaitheas sa teagasc agus sa taighde a éascú agus a spreagadh.
- A laghad easaontaithe agus is féidir agus aon easaontú agus is féidir a réiteach.
- An spás teagaisc agus foghlama is oiriúnaí a chur ar fáil, ag cur san áireamh an spás a bheith ar fáil, trealamh speisialta a bheith ar fáil agus aon chúinsí eile.
- An úsáid is fearr a bhaint as spás agus acmhainní na hOllscoile.

6.4 Moltar sos lóin uair an chloig don fhoireann agus do na mic léinn idir na huaireanta 12.00 agus 15.00.

6.5 Ba chóir go léireodh an patrún an líon is mó mac léinn ar an amchlár. Dá bhrí sin, ba cheart bearnaí móra san amchlár a sheachaint, nuair is féidir.

6.6 Coimhlint Cláir

Réitítear aon choimhlint san amchlár idir cláir nó modúil, ar an gcéad dul síos, ag an leibhéal áitiúil is oiriúnaí (Disciplín / Institiúid Taighde / Scoil / Coláiste). Déantar coimhlintí a ardú ansin leis an Aonad Amchláir / Saineolaithe ar Amchlárú le breithniú agus le réiteach idir na páirtithe go léir. I ndeireadh na dála, murar féidir an choimhlint spáis don chlár a réiteach, déantar an choimhlint a chur ar aghaidh chuig TBC le cinneadh.

Nuair is cuí, cuirfear tosaíocht de réir thoradh na coimhlinte leis an bpolasaí seo lena chinntiú go mbeidh treoir shoiléir ann maidir le réiteach coimhlintí agus polasaí na hOllscoile.

6.7 Athruithe Amchláir

Má dhéantar athruithe déanacha ar an amchlár foilsithe is minic a chuireann sé seo isteach go mór ar na mic léinn agus ba chóir é a sheachaint trí amchlár a chur le chéile

bunaithe ar shonraí tráthúla agus cruinne.

Ní mór athruithe do-sheachanta a dhéanamh ar an gcóras áirithinte spáis agus amchláir sa chás nach féidir an t-athrú a dhéanamh trí mhic léinn/comhaltaí foirne a bhabhtáil thart. D'fhéadfadh cúiseanna éagsúla a bheith le hathruithe den sórt sin:

- Aithnítear riachtanais nua inrochtaineachta.
- Athrú foirne ar chúis dho-sheachanta (e.g. tinneas foirne). · Áirithint dhúbailte ag an bhfoireann nó ag an mac léinn.
- Athrú ceadaithe ar fhoirne a bheith ar fáil.
- Sáraíonn líon na mac léinn cláraithe an spás atá ar fáil.
- Tá líon na mac léinn cláraithe i bhfad níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis agus d'éascódh bogadh go spás níos lú gníomhaíocht níos mó nach féidir a chur ar siúl murach sin.
- Níl spás ar fáil.

Sa chás go ndéantar spás teagaisc agus foghlama a bhainistiú go háitiúil, ní mór áirithintí a athrú:

- Mura bhfuil an spás ag teastáil a thuilleadh.
- Mura bhfuil an spás feiliúnach a thuilleadh do na riachtanais áirithinte.
- Má tá áirithint dúbailte déanta ar an spás.

Cuirfear an tAonad Amchláir / Saineolaithe ar Amchlárú ar an eolas a luaithe agus is féidir más rud é:

- Go gcuirtear clár nó modúl ar ceal.
- Go gcuirtear gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama ar an amchlár ar ceal.

Cuirfear Foirgnimh agus Eastáit ar an eolas a luaithe agus is féidir más rud é:

- Gur cuireadh an spás in áirithe go díreach le Foirgnimh agus Eastáit agus nach bhfuil sé ag teastáil a thuilleadh.
- Nach bhfuil an spás oiriúnach do ghníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama mar shampla de bharr locht ar an ionad.

## *7. Treoir maidir le hAmchlár a chur i bhfeidhm*

Chun an leas is fearr a bhaint as an bPolasaí maidir le Sceidealú agus Socrú Amchláir na Bliana Acadúla, moltar cloí leis an treoir seo a leanas:

7.1 Treoirphrionsabail chun Amchlár maith a chur le chéile

- Cuirfear na gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama go léir sa chóras comhroinnte amchláir agus áirithinte spáis agus tabharfar sonraí tábhachtacha amhail gníomhaíocht, am, ionad, etc.
- De ghnáth, tugtar na gníomhaíochtaí go léir a bhaineann leis an gclár ar aghaidh ó bhliain go bliain ar an gcoinníoll nach gcuireann sé seo srian ar éifeachtúlacht ná ar sholúbthacht an churaclaim.
- Moltar go láidir go gcuirfí eolas ar an amchlár go luath chun go mbeifear in ann cláir sna Coláistí, Scoileanna, Institiúidí Taighde agus Disciplíní éagsúla a chur ar an sceideal go héifeachtach.

- A mhéid is féidir, úsáidtear an spás teagaisc agus foghlama céanna do na ranganna céanna.
- Nuair a bhíonn an líon sna ranganna ar eolas, cuirtear aon acmhainn nach bhfuil ag teastáil a thuilleadh ar ceal chomh luath agus is féidir.
- Ba cheart gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama atá ar siúl lasmuigh den láthair a áireamh freisin:
  - Más rud é go mbainfidh mic léinn leas as an ngníomhaíocht mar chuid d'amchlár pearsanta; agus/nó
  - go gcabhraíonn taifeadadh gníomhaíochta leis an bhfoireann gníomhaíochtaí eile a sceidealú chun nach mbeidh aon choimhlint san amchlár.
- Nuair is cuí, déanfar an teagasc agus an fhoghlaim i seomraí oiriúnacha in aice lena chéile

7.2 Teagascóirí a bheith ar fáil

Féadfaidh Coláistí / Scoileanna / Institiúid Taighde / Disciplíní cinneadh a dhéanamh srianta a chur ar an gcóras chun a chinntiú nuair is féidir go gcuirtear bac oiriúnach ar thiomantais teagaisc agus foghlama aonair agus nach bhfuil siad ró-scaipthe.

Tríd an gcóras roinnte amchláir agus chun spás a chur in áirithe is féidir leis na Comhordaitheoirí Amchláir Scoile gach srian comhaontaithe teagaisc agus foghlama a chur ar an taifead sa chóras agus iad a úsáid chun cinntí amchláir a dhéanamh.

7.3 Spás a leagan amach ar an Amchlár

| Fachtóir | Cur síos | Tosaíocht |
|---|---|---|
| Líon Áiteanna | • Roinntear spás teagaisc agus foghlama chomh maith agus is féidir bunaithe ar an líon áiteanna atá ag teastáil. | Riachtanach |
| Trealamh Riachtanach | • Roinntear iarratais spáis ar threalamh speisialta nó riachtanach teagaisc agus foghlama do na ranganna a dteastaíonn an trealamh sin uathu ar dtús.<br>Áirítear le trealamh speisialta trealamh saotharlainne, líonrú IT, bogearraí sonracha, etc. | Riachtanach |
| Leagan Amach agus Troscán | • Ba cheart go mbeadh leagan amach an tseomra feiliúnach don ghníomhaíocht teagaisc agus foghlama nó go bhféadfaí é a chur in oiriúint do riachtanais na gníomhaíochta. | Riachtanach |
| Inrochtaineacht | • Sa chás go bhfuil riachtanas inrochtaineachta i gceist ní chuirfear ar fáil ach na seomraí cuí.<br>• I gcás ina dtagann eolas den sórt sin chun cinn go déanach sa phróiseas amchláir is gá athruithe a dhéanamh ar an amchlár agus áirithintí atá déanta a leasú. | Riachtanach |

| | | |
|---|---|---|
| Ceadúnú | • Ní thugtar seomraí le ceadúnú sonrach ach do chineálacha áirithe gníomhaíochta (e.g. anatamaíocht). | Riachtanach |
| Leanúnachas | • Áirithintí rialta (seimeastar iomlán nó níos faide) agus áirithintí gearra sainithe (e.g. 5 x ½ lá teagasc i ndiaidh a chéile agus gníomhaíochtaí foghlama) tugtar tús áite dóibh thar áirithintí aonair nó anois is arís. | Riachtanach |
| Ionad | • Go hidéalach, cuirtear na gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama ar fad ar siúl in aice lena chéile.<br>• I gcás nach féidir taisteal a sheachaint, beidh an spás laistigh d'achar réasúnta ó na ranganna eile a gcaithfidh mac léinn nó comhalta foirne freastal orthu.<br>• Déanfar srianta ama ar thaisteal idir ionaid a mheas agus an t-amchlár á shocrú | Ard |
| Trealamh Céadrogha | • Ba cheart go mbeadh an trealamh céadrogha sna seomraí chun go mbeidh an fhoireann in ann a gcuid teagaisc a dhéanamh.<br>• I gcás nach bhfuil trealamh seasta ar fáil, ba chóir do Scoileanna/Disciplíní dul i dteagmháil le CELT maidir le roghanna eile iniompartha. | Ard |
| Céadrogha | • I gcás ina bhfuil céadrogha tugtha le fios, agus údar maith leis, do sheomra ar leith, cuirtear é seo in áirithe mura rud é go sáraíonn ceann de na fachtóirí tosaíochta is airde é. | Meánach |

7.4 Foilsiú Amchláir

Tá sé mar aidhm ag Ollscoil na Gaillimhe amchláir iomlána, chruinne agus cothrom le dáta a sholáthar, roimh thús na bliana acadúla agus iad a chothabháil ar feadh na bliana acadúla. Beidh an t-amchlár ar fáil ar thairseacha iomchuí na hOllscoile.

I measc na ndaoine a dteastaíonn rochtain uathu ar amchláir reatha agus atá le teacht tá:

- An fhoireann acadúil
- Mic léinn (reatha agus ionchasach)
- Foireann Tacaíochta Gairmiúla lena n-áirítear foireann riaracháin, ISS agus CELT · Foireann na bhFoirgneamh agus na nEastát le haghaidh slándála, rochtain ar sheomraí, glanadh, etc.
- Foireann na Seirbhísí Tráchtála chun comhdhálacha agus imeachtaí a chur in áirithe
- Aon úsáideoir eile atá in ann spás Ollscoile a iarraidh

7.5 Beidh mic léinn agus comhaltaí foirne acadúla in ann a n-amchlár féin a fheiceáil trí thairseacha na hOllscoile. Beidh eolas ann maidir le dátaí tábhachtacha acadúla mar aon le gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama.

7.6 Níor cheart athruithe ar amchláir fhoilsithe a cheadú ach amháin i gcásanna eisceachtúla (e.g., athrú seomra ag teastáil mar gheall ar líon ró-ard/ró-íseal cláraithe ar mhodúl, inrochtaineacht mac léinn/foirne).

7.7 Amchlár a Chartlannú
Fanfaidh díol trí bliana d'eolas ar an gcóras comhroinnte amchláir agus áirithinte spáis. Beifear in ann rochtain a fháil air ar an ngnáthbhealach (i.e. an t-amchlár chun pleanáil don bhliain atá le teacht, amchlár na bliana reatha agus amchlár foilsithe na bliana roimhe sin).

Ag deireadh na pleanála amchláir, déantar an sean-amchlár a chartlannú ón gcóras comhroinnte amchláir agus áirithinte spáis ach coinnítear é i bhformáid a d'fhéadfaí a rochtain chun críocha tuairiscithe.

I measc na ndaoine a dteastaíonn rochtain uathu ar amchlár atá cartlannaithe tá:

- Foireann na Clárlainne
- Comhordaitheoirí Amchláir
- Aonad Amchláir / Saineolaithe ar Amchlárú
- Comhordaitheoirí Áirithintí Seomra Aonad na bhFoirgneamh agus na nEastát